2007. M23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 4.20**

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon**<br>Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc** |
|---|---|
| Ceist 1 | |
| Ceist 2 | |
| Ceist 3 | |
| Ceist 4 | |
| Ceist 5 | |
| Ceist 6 | |
| Ceist 7 | |
| Ceist 8 | |
| Ceist 9 | |
| Ceist 10 | |
| Ceist 11 | |
| Ceist 12 | |
| Marc Carnach | |
| Marc Dícheadaithe | |
| **Marc Glan** | |

**N.B. Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar nó caillfear marcanna.**


**CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

**Freagair DEICH gceist**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Teicteonaic Phlátaí**




Déan scrúdú ar an léarscáil thuas a léiríonn imill plátaí an domhain.

**(i)** Ainmnigh **dhá phláta** atá ag comhchlaonadh (ag teacht le chéile):

Pláta A ______________________________

Pláta B ______________________________

**(ii)** Ainmnigh **dhá phláta** atá ag scaradh (ag tarraingt óna chéile):

Pláta A ______________________________

Pláta B ______________________________

**(iii)** Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.

"**Déantar Dromanna Lár-Aigéin** ag imill plátaí atá ag scaradh (ag tarraingt óna chéile)."

a. Fíor ☐

B Bréagach ☐

**[10]**

2. **Réigiúin Charst**



Scrúdaigh an fótagraf a thaispeántar thuas.

**(i)** Cé acu ceann de na carraigeacha seo a leanas atá le fáil sa limistéar atá san fhótagraf thuas: **Eibhear nó Basalt nó Aolchloch**? Scríobh an t-ainm ceart sa bhosca thíos.


**(ii)** Luaigh ainm na háite in Éirinn inar féidir an charraig a luaitear sa fhreagra ar Chuid (i) a fháil.

**(iii)** Déan an **tírghné (litir)** a nascadh leis an **láthair cheart (uimhir)** sa bhosca atá curtha ar fáil. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

| | Tírghné | Láthair | | Litir | Uimhir |
|---|---|---|---|---|---|
| A | Clinteanna agus Gríoga | Faoi thalamh | 1 | | |
| B | Uaimh (Pluais) | Dromchla | 2 | | |
| C | Aolchuisne | Dromchla | 3 | | |
| D | Pábháil Aolchloiche | Faoi thalamh | 4 | D | 3 |

**[10]**

3. **Próisis Mhuirí**




(i) Scrúdaigh an fótagraf thuas agus ansin deán gach ceann de na **tírghnéithe** sa tábla thíos a mheaitseáil leis an **litir** cheart sa léaráid.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Áirse Farraige | |
| Uaimh Farraige | |
| Stacán/Stumpa Farraige | |
| Poll Séideáin | |

(ii) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.

"Is é an **sil-leagan muirí** a rinne na tírghnéithe go léir san fhótagraf thuas."

a. Fíor ☐

b. Bréagach ☐

**[10]**

**4. Réigiúin na hEorpa**

Déan an **Cineál Réigiúin (litir)** a nascadh leis an **Sampla san Eoraip (uimhir)** sa bhosca atá curtha ar fáil. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

| | Cineál Réigiúin | Sampla san Eoraip | | Litir | Uimhir |
|---|---|---|---|---|---|
| A | Réigiún Aeráide | Gaeltacht na hÉireann | 1 | | |
| B | Réigiún Cultúir | Na hAlpa | 2 | | |
| C | Croí-Réigiún | Imchuach Phárais | 3 | | |
| D | Réigiún Sléibhe | An Mheánmhuir | 4 | A | 4 |

**[10]**

**5. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Ríomh an fad feadh na líne iarnróid ón stáisiún traenach san Inse (Laytown) ag O163714 go dtí an stáisiún traenach i nDroichead Átha ag O099748.

Scríobh an fad ceart sa bhosca thíos:

**NÓ**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Ríomh (ina chiliméadair chearnacha) achar iomlán na sliochtléarscáile.

Scríobh an t-achar ceart sa bhosca thíos:

**[10]**

**6. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Dhroichead Átha atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

(i) An **fótagraf ceartingearach** nó **fótagraf sceabhach** é? ________________________________

(ii) Agus **an ghnáthnodaireacht** á húsáid agat (e.g. sa Chúlra ar Dheis etc. …) luaigh suíomh na n-áiteanna seo:

Séipéal: ________________________________________________

Eastát Tithíochta: __________________________________________

(iii) Cén **séasúr** den bhliain inar tógadh an fótagraf seo? Scríobh do fhreagra sa bhosca thíos:


Luaigh píosa **amháin** fianaise leis an séasúr atá roghnaithe agat:

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

**[10]**

**7. Cairteacha Aimsire**




(i) Léiríonn an chairt aimsire fronta te, fronta fuar agus fronta oclúidithe. Cuir an litir cheart sna boscaí thíos leis an tábla a chomhlánú.


| Cineál Fronta | Litir |
|---|---|
| Fronta Te | |
| Fronta Fuar | |
| Fronta Oclúidithe | |

(ii) Féadfaidh léarscáileanna aimsire ar an nós seo a bheith an-úsáideach do dhaoine i jabanna nó i ngairmeacha áirithe. Ainmnigh **dhá shampla** de jabanna dá leithéid sna boscaí thíos:

| | |
|---|---|
| | |

**[10]**

**8. Ídiú Fuinnimh in Éirinn**




Léiríonn an chairt thuas an méid ola a ídíodh (a úsáideadh) in Éirinn de réir earnála in 2003.

(a) Sainaithin an **earnáil** leis an ídiú ola is airde agus scríobh **an t-ainm** sa spás atá curtha ar fáil.

______________________________

(b) Cé mhéad milliún tonna ola a d'úsáid na hearnálacha seo a leanas in 2003? Scríobh na freagraí sna boscaí thíos.

**Talmhaíocht** ☐

**Tithe Cónaí** ☐


**Seirbhísí** ☐

(c) Ainmnigh cineál **AMHÁIN** dochair is féidir a dhéanamh don timpeallacht nuair a úsáidtear a lán ola.

__________________________________

**[10]**

**9. Gnéithe Fisiceacha ar Léarscáileanna agus i bhFótagraif**





Déan staidéar ar na sleachta thíos as léarscáil agus as fótagraif agus freagair na ceisteanna.

(i) **Cén tAINM** a thugtar ar an ngné den sil-leagan atá marcáilte le **X** ar an bhfótagraf ar clé?
Scríobh an t-ainm sa bhosca thíos.

(ii) **Cén tAINM** a thugtar ar an ngné den chreimeadh atá marcáilte le **Y** ar an bhfótagraf ar clé?
Scríobh an t-ainm sa bhosca thíos.

(iii) Cé acu ceann de na **gnéithe oighriúcháin** seo a leanas atá i láthair ag **V** ar an sliocht as léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis?
**Coire/Cirque nó Airéit nó Adharc Phirimidiúil**
Scríobh an ceann ceart sa bhosca thíos.







(iv) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
"Tá an abhainn san fhótagraf ar clé sa chúrsa uachtarach agus í ag creimeadh."

Fíor

Bréagach

**[10]**

## 10. Creathanna Talún





(i) Ainmnigh **an bhliain agus an tír/réigiún** ina raibh an líon is mó básanna de bharr creathanna talún. Scríobh do chuid freagraí sna boscaí thíos.

| | |
|---|---|
| Bliain | |
| Tír/Réigiún | |

(ii) Ainmnigh an **bhliain agus an tír/réigiún** inar tharla 10,000 bás de bharr creathanna talún. Scríobh do chuid freagraí sna boscaí thíos.

| | |
|---|---|
| Bliain | |
| Tír/Réigiún | |

(iii) Ainmnigh an gléas (uirlis) seo a thomhaiseann neart creathanna talún.



Scríobh do fhreagra sa bhosca thíos.

**[10]**

**11. Aeráid na hÉireann**

(i) Cé acu ceann de na hainmneacha a leanas is fearr a chuireann síos ar aeráid na hÉireann? Cuir **X** sa bhosca ceart.


- Aeráid Mheánmhuirí ☐
- Aeráid Fhionnuar Mheasartha Aigéanach ☐
- Aeráid Ilchríche ☐

(ii) Léigh an ráiteas thíos agus cuir **X** sa bhosca ceart.
"Coinníonn Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh Éire te sa gheimhreadh."

Fíor ☐

Bréagach ☐

(iii)




Luaigh sna spásanna atá ar fáil thíos **dhá** bhuntáiste a bhaineann le haeráid na hÉireann chun fuinneamh gaoithe a tháirgeadh.

**Buntáiste 1** ________________________

**Buntáiste 2** ________________________

**[10]**

**12. Tírghnéithe**

Is mar thoradh ar ghníomhaíocht **oighir, aibhneacha nó na farraige** atá na gnéithe seo a leanas ann. I gcás **gach gné** atá liostaithe luaigh cé acu oibrí díobh (**oighear, aibhneacha, nó an fharraige**) a mhúnlaigh í. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

| GNÉ | OIBRÍ A MHÚNLAIGH Í |
|---|---|
| Lúb | ______________________ |
| Airéit | ______________________ |
| Tambaló | ______________________ |
| Linn Tumtha | Abhainn |
| Droimnín | ______________________ |
| Gob Farraige/Gainimh | ______________________ |

**[10]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór d’iarrthóirí tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as Roinn 1 [Ceisteanna 1 go 6]
- Ceist **amháin** as Roinn 2 [Ceisteanna 7 go 12]

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

**ROINN 1 – AN CROÍCHÚRSA**

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN as Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT FHISICEACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 1**

## A. LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil **1:50000** de chuid na **Suirbhéireachta Ordanáis** agus an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar atá cuimsithe sa sliocht seo.
**Marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas uirthi:

- Abhainn na hAiní
- Galfchúrsa 18 bpoll
- Teorainn Contae
- Taiscumar
- Limistéar Sil-leagain Cósta

**(30 Marc)**

## B. PRÓISIS DROMCHLA

Roghnaigh ceann **amháin** ar bith de na próisis dromchla seo a leanas:

- Oibriú farraige/muirí
- Oibriú abhann
- Oighearoibriú
- Ollghluaiseacht

Le cabhair léaráide mínigh foirmiú **dhá** cheann ar bith de na tírghnéithe in Éirinn arb é an próiseas atá roghnaithe agat ba chúis leis.

**(40 Marc)**


## C. IDIRGHABHÁIL AN DUINE

Agus tagairt agat do **shampla** a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh agus déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** ar féidir le daoine tionchar a imirt ar phróisis abhann **nó** ar phróisis mhuirí/farraige **nó** ar ollghluaiseacht.

**(30 Marc)**

Ceist 2

## A. SÍONCHAITHEAMH MEICNIÚIL




Le cabhair na léaráide thuas mínigh conas a oibríonn an próiseas Reo-Leá.

**(30 marc)**

## B. CINEÁL CARRAIGE

(i) Ainmnigh cineál **amháin bruthcharraige**

(ii) Ainmnigh suíomh **amháin** in Éirinn ina bhfaighfeá an cineál carraige seo.

(iii) Mínigh **go mion** conas **a rinneadh** an charraig seo.

**(30 marc)**

## C. IDIRGHABHÁIL AN DUINE

Déanann daoine idirghabháil leis an timthriall carraige ina lán bealaí. Ar na bealaí sin tá:

- Eastóscadh ábhar tógála
- Taiscéalaíocht ola/gáis
- Mianadóireacht
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach

Le cabhair sampla a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh go mion ceann **amháin** ar bith de na bealaí atá liostaithe thuas.

**(40 marc)**

Ceist 3

**A. AIRDE BOLCÁN**


Léiríonn an tábla thíos an airde atá i roinnt bolcán cáiliúil ar fud an domhain.

| Ainm agus Suíomh | Airde ina Méadair |
|---|---|
| Vesuvius - An Iodáil | 1281 |
| Krakatoa - An Indinéis | 813 |
| Fuji - An tSeapáin | 3776 |
| Rainier - SAM | 4392 |
| St Helena - SAM | 2549 |
| Stromboli - An Iodáil | 924 |

Agus úsáid á baint agat as grafpháipéar, tarraing graf a léiríonn na sonraí sa tábla thuas.

**(30 marc)**

**B. TEOIRIC NA TEICTEONAICE PLÁTAÍ**




Le cabhair na léaráide thuas, mínigh **Teoiric na Teicteonaice Plátaí**.

**(40 marc)**

**C. CREATHANNA TALÚN**

Mínigh **DHÁ** thionchar a bhíonn ag creathanna talún ar limistéar uirbeach (cathair).

**(30 marc)**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 4**

**A.** **ÉIRE – RÉIGIÚIN**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.
Ar an léarscáil sin marcáil agus ainmnigh:

- **Dhá** réigiún chodarsnacha
- Limistéar sléibhe ainmnithe **amháin nó** abhainn ainmnithe **amháin** i ngach réigiún.

**(30 marc)**

**B.** **RÉIGIÚIN IN ÉIRINN**

Mínigh **dhá** thoisc ar féidir leo tionchar a imirt ar an talmhaíocht **nó** ar an tionsclaíocht i réigiún **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(40 marc)**

**C.** **RÉIGIÚIN EORPACHA**

Mínigh **dhá** fhadhb atá ann do **Réigiún Eorpach** ar bith – **taobh amuigh d'Éirinn** – a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(30 marc)**

**Ceist 5**

## A. IOMPAR IN ÉIRINN

Baineann na sonraí a thaispeántar anseo le Feithiclí Nua a cláraíodh in Éirinn ó 2001 go 2006.

| Feithicil | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Carranna príobháideacha | 160,908 | 150,485 | 142,992 | 149,635 | 166,270 | 173,273 |
| Feithiclí earraí | 30,622 | 28,412 | 30,532 | 31,165 | 38,396 | 43,619 |
| Tarracóirí | 2,681 | 2,868 | 2,970 | 2,881 | 3,168 | 3,687 |
| Gluaisrothair | 6,919 | 5,596 | 4,993 | 3,833 | 3,240 | 3,206 |
| Feithiclí nua eile | 2,602 | 2,268 | 2,600 | 2,894 | 3,359 | 3,773 |
| Iomlán | 203,732 | 189,629 | 184,087 | 190,408 | 214,433 | 227,558 |

(LOS)

(i) Cé mhéad carr príobháideach a cláraíodh in 2006?

(ii) Cé mhéad tarracóir a cláraíodh in 2004?

(iii) Cad é líon iomlán na bhfeithiclí a cláraíodh in 2003?

(iv) Cén cineál feithicle ar tháinig an méadú is lú air ó 2001 go 2006?

(v) Cén bhliain inar cláraíodh an líon ba lú feithiclí?

**(30 marc)**

## B. RÉIGIÚIN EORPACHA

Agus tagairt agat do **Réigiún Eorpach** amháin ar bith – **taobh amuigh d'Éirinn** – a bhfuil staidéar déanta agat air déan cur síos ar **dhá** thionchar a imríonn an aeráid:

ar an Talmhaíocht **nó** ar an Turasóireacht.

Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(40 marc)**

## C. RÉIGIÚIN ILCHRÍOCHACHA/RÉIGIÚIN FHO-ILCHRÍOCHA TAOBH AMUIGH DEN EORAIP

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann **leis an talmhaíocht nó leis an turasóireacht** i réigiún **Ilchríochach/Fo-Ilchríochach** taobh amuigh den Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(30 marc)**

**Ceist 6**

**A. AN FHOSTAÍOCHT IN ÉIRINN**

Léiríonn an tábla seo a leanas na figiúirí fostaíochta ina mílte de réir earnála in Éirinn i mBealtaine 2006.

| Earnáil | Fostaíocht (000'te) |
|---|---|
| Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht | 114.5 |
| Foirgníocht (Tógáil) | 262.7 |
| Óstáin agus Bialanna | 116.3 |
| Airgeadas agus Seirbhísí Gnó eile | 267.3 |
| Iompar, Stóráil agus Cumarsáid | 120.7 |

Bain úsáid as grafpháipéar chun graf a tharraingt a léiríonn na sonraí sa tábla thuas.

**(30 marc)**

**B. CINEÁLACHA RÉIGIÚIN**

Is iomaí cineál réigiúin atá ar dhromchla an domhain. Orthu sin tá:

- Réigiúin Aeráide
- Réigiúin Fhorimeallacha
- Croí-Réigiúin
- Réigiúin Uirbeacha

(i) Luaigh sampla ainmnithe **Eorpach – taobh amuigh d'Éirinn** – de **dhá** cheann ar bith de na réigiúin atá liostaithe thuas.

(ii) Roghnaigh ceann **amháin** ar bith de na réigiúin thuas agus mínigh fadhb **amháin** atá ann don réigiún sin.
Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(40 marc)**

**C. AN CULTÚR LAISTIGH DE RÉIGIÚIN**

Bíonn baint ag na rudaí seo a leanas le cultúr réigiúin a shainmhíniú:

- Teanga
- Creideamh (Reiligiún)
- Ceol/Damhsa
- Feisteas Traidisiúnta

Mínigh **dhá** cheann ar bith ón liosta thuas agus úsáid á baint agat as réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.
Luaigh go soiléir ainm an réigiúin i do fhreagra.

**(30 marc)**

## ROINN 2 – ROGHNACH

**NÍ MÓR duit tabhairt faoi cheist AMHÁIN**
**AS**

- **Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

**NÓ**

- **Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Dhaonna**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 7**

**A. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil **1:50000** de chuid na **Suirbhéireachta Ordanáis** atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Samhlaigh go bhfuil mar thasc agat suíomh oiriúnach a aimsiú le haghaidh ionad siopadóireachta.

(i) Luaigh go soiléir le **tagairt eangaí** cá suífeá an t-ionad siopadóireachta.

(ii) Mínigh go hiomlán cúis **amháin** i bhfabhar an tsuímh sin agus cúis **amháin** ina aghaidh.

**(30 marc)**

**B. CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNTA**

Tá cuid mhaith cuideachtaí ilnáisiúnta bunaithe in Éirinn le blianta beaga.

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh go hiomlán cúis **amháin** a bhfuil Éire mealltach do chuideachtaí dá leithéid.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh cuideachtaí dá leithéid bogadh go dtí áit eile.

**(30 marc)**

**C. SUÍOMH TIONSCAIL**




Scrúdaigh an fótagraf satailíte seo d'eastát tionsclaíochta atá gar do chathair na Gaillimhe.

Mínigh **dhá** chúis a bhfuil eastáit mar seo mealltach mar shuíomh do chuideachtaí.

**(40 marc)**

**Ceist 8**

## A. FORBAIRT DHAONNA

Baineann na staitisticí thíos leis na príomhnáisiúin agus iad rangaithe (aicmithe) de réir Innéacs Forbartha Daonna.

| | Innéacs Forbartha Daonna | Ionchas saoil ag breith | *OTI per capita |
|---|---|---|---|
| | Luach (IFD) | (blianta) | Dollair US |
| An Iorua | 0.963 | 79.4 | 48,412 |
| An Astráil | 0.955 | 80.3 | 26,275 |
| Lucsamburg | 0.949 | 78.5 | 59,143 |
| Ceanada | 0.949 | 80 | 27,079 |
| An tSualainn | 0.949 | 80.2 | 33,676 |
| Éire | 0.946 | 77.7 | 38,487 |
| An Bheilg | 0.945 | 78.9 | 29,096 |
| Na Stáit Aontaithe | 0.944 | 77.4 | 37,648 |

*OTI = Olltáirgeacht Intíre

(i) Cén tír ag a bhfuil an t-ionchas saoil is airde ag breith?

(ii) Cén tír ag a bhfuil an t-ionchas saoil is ísle ag breith?

(iii) Ainmnigh an tír ag a bhfuil:

a. An OTI is airde
b. An OTI is ísle

(iv) Ríomh an difríocht atá idir an OTI is airde agus an OTI is ísle.

**(30 marc)**

## B. AN tAONTAS EORPACH

Is iomaí beartas (polasaí) atá ag an Aontas Eorpach a imríonn tionchair thábhachtacha ar gheilleagar na hÉireann. Tá siad seo ina measc:

- An Comhbheartas Talmhaíochta (CAP)
- An Ciste Forbartha Réigiúnach (RDF)
- An Comhbheartas Iascaireachta (CFP)

Mínigh **dhá** thionchar atá ag ceann **amháin** de na beartais thuas ar gheilleagar na hÉireann.

**(30 marc)**

## C. GEILLEAGAR I mBÉAL FORBARTHA

Déan cur síos ar **dhá** fhadhb atá ann do thír nó réigiún atá ag forbairt a bhfuil staidéar déanta agat uirthi/air. Luaigh go soiléir ainm na tíre nó an réigiúin i do fhreagra.

**(40 marc)**

Ceist 9

## A. ASTUITHE GÁIS CHEAPTHA TEASA

Baineann an tábla thíos le hastuithe dé-ocsaíd charbóin in Éirinn ó 1999 go 2003.

| Dé-ocsaíd Charbóin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 |
| Cileatonaí | 42,133 | 44,160 | 46,460 | 45,808 | 44,450 |

Bain úsáid as grafpháipéar chun graf a tharraingt a léireoidh na sonraí atá sa tábla thuas.

**(30 marc)**

## B. TÉAMH DOMHANDA

Tuarann Tuarascáil Stern go bhféadfadh an téamh domhanda geilleagar an domhain a chrapadh de 20% mura ndéantar rud éigin faoi anois.

(i) Déan cur síos ar **dhá** thionchar a bhaineann le téamh domhanda.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** ghníomh is féidir a dhéanamh chun na tionchair sin a laghdú.

**(40 marc)**

## C. SAINCHEISTEANNA TIMPEALLACHTA

Tá roinnt saincheisteanna timpeallachta ann ar cúis imní in Éirinn faoi láthair iad.
Orthu sin tá siad seo a leanas:

- Saothrú gháscheantar na Coiribe amach ó chósta Mhaigh Eo
- An ró-iascaireacht in uiscí na hÉireann
- An méid mór dramhaíola atá á tháirgeadh
- Forbairt feirmeacha gaoithe

Scrúdaigh an t-ábhar imní a bhfuil ceann **amháin** de na saincheisteanna thuas mar chúis leis agus i do fhreagra déan cur síos ar **dhá** ábhar imní a bhfuil an tsaincheist atá roghnaithe agat mar chúis leis.

**(30 marc)**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA TIMPEALLACHT DHAONNA**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 10**

## A. TALAMHÚSÁID

Scrúdaigh **an t-aerfótagraf** atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san fhótagraf. Ar do shracléarscáil **marcáil** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Dhá shráid a thagann le chéile
- Carrchlós mór
- Droichead
- Limistéar fóillíochta (caitheamh aimsire)
- Eastát tithíochta nua-aimseartha

**(30 marc)**

## B. FORBAIRT BAILTE

Scrúdaigh an léarscáil **1:50000** de chuid na **Suirbhéireachta Ordanáis** atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Bain úsáid as fianaise ón léarscáil sin chun tacú le dhá chúis ar fhorbair baile Dhroichead Átha sa suíomh atá aige faoi láthair.

**(40 marc)**

## C. PLÓDÚ TRÁCHTA

Anseo thíos tá íomhá cheamara tráchta a thóg Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i nDomhnach Broc. Tá an plódú tráchta ina fhadhb mhór sa chuid is mó de na cathracha agus de na bailte nua-aimseartha.




(i) Mínigh **dhá** chúis le plódú tráchta i gcathair ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh go soiléir ainm na cathrach i do fhreagra.

(ii) Scrúdaigh go mion réiteach **amháin** ar an bplódú tráchta seo.

**(30 marc)**

Ceist 11

**A. DAONRA**

Léigh an tuarascáil thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh **i do fhreagarleabhar**:

"Leanfaidh geilleagar Phoblacht na hÉireann de bheith ag fás go tréan le linn na 15 bliana atá ag teacht agus bainfidh an daonra 5.3 milliún amach faoi 2020. Tuartar go mbeidh duine as gach cúigear sa daonra, gar d'aon mhilliún amháin, ina n-imircigh faoi 2020. Tuartar go mbainfidh an daonra iomlán 6 mhilliún amach faoi 2050. Is é daonra Phoblacht na hÉireann faoi láthair ná 4.04 milliún."

(i) Cad é an daonra a thuartar a bheidh in Éirinn in 2020?


(ii) In 2020, cén líon daoine a cheaptar a bheidh ina n-imircigh?

(iii) Cén bhliain a cheaptar a bhainfidh daonra Phoblacht na hÉireann 6 mhilliún amach?

**(30 marc)**

**B. AN IMIRCE**

Baineann an Chairt thíos le Titim sa Daonra i Maigh Eo idir 1986 agus 1996.




(i) Cén ceantar inar tharla an titim is mó sa daonra?

(ii) De cén céatadán a thit an daonra i mBéal Átha na Muice?

(iii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an daonra i gceantair thuaithe dá leithéid ag titim.


**(30 marc)**

**C. IMIRCIGH**

Mínigh **dhá** chúis a bhfágann imircigh a dtíortha dúchais (baile).

**(40 marc)**

**Ceist 12**




**A. STRUCHTÚR DAONRA**

Scrúdaigh an phirimid daonra d'Éirinn a thaispeántar thuas.

(i) Cén t-aoisghrúpa is mó?

(ii) Tuairim is cé mhéad baineannach atá os cionn aois 85?

(iii) Ainmnigh difríocht **amháin** sa struchtúr aoise idir an daonra fireannach agus an daonra baineannach ar an gcairt.

**(30 marc)**

**B. AN tSRAOILLEÁIL UIRBEACH**

Seo thíos agat fótagraf de bhaile seantán i Mainile sna hOileáin Fhilipíneacha.



Mínigh **dhá** chúis a bhforbraíonn bailte seantán mar sin gar do chathracha sa Domhan atá i mBéal Forbartha.

**(30 marc)**

**C. AN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil **1:50000** de chuid na **Suirbhéireachta Ordanáis** atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Taispeánann an léarscáil seo cuid mhaith samplaí de lonnaíocht stairiúil (seaniarsmaí).

- **Ainmnigh** agus tabhair **suíomh le tagairt eangaí dhá** shampla ar bith de lonnaíocht stairiúil (seaniarsmaí).

- Scríobh cur síos gearr ar an **dá** shampla de lonnaíocht stairiúil (iarsmaí) atá ainmnithe agat thuas.

**(40 marc)**

Leathanach
Bán